Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10756 – ACC / EVONIK/JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 265/07)

1. An 5 Iúil 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Evonik Operations GmbH (an Ghearmáin) agus Evonik (China) Co. Ltd. (an tSín) (dá dtagraítear le chéile mar "Evonik"), gnóthais atá faoi rialú RAG-Stiftung (an Ghearmáin) ar deireadh thiar,

— AVIC Composite Corporation Ltd. ("ACC", an tSín), in éineacht leis an gcleamhnaí Yu Hua Funding & Investment (Xiamen) Limited Partnership ("Yu Hua", an tSín), ar dhá ghnóthas iad atá faoi rialú Aviation Industry Corporation of China ("AVIC", an tSín) ar deireadh thiar,

— ACC Evonik (Shang-hai) Composite Materials Technology Co. Ltd. (an "comhfhiontar", an tSín).

Gheobhaidh Evonik agus ACC rialú comhpháirteach ar an gcomhfhiontar de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ceanncheathrú Evonik sa Ghearmáin agus tá sé liostaithe ar stocmhalartán Frankfurt. Tá sé gníomhach maidir le táirgeadh agus margú saincheimiceán, ag díriú ar tháirgí i réimsí na sainbhreiseán, an chothaithe agus an chúraim, na n-ábhar cliste, na n-ábhar feidhmíochta, agus na teicneolaíochta agus an bhonneagair.

— Fochuideachta atá faoi lán-úinéireacht AVIC, cuideachta aeraspáis Síneach atá faoi úinéireacht an stáit a tháirgeann agus a mhargaíonn aerárthaí agus páirteanna aerárthaí sa tSín, is ea ACC.

— Beidh an comhfhiontar gníomhach maidir le táirgeadh agus margú cúir polaimeiteicrilimide (PMI) agus púdar atá bunaithe ar chéatón éitir poiléitir (PEEK), chomh maith le roisíní atá bunaithe ar PEEK agus comhdhúile atá bunaithe ar PEEK a dháileadh ar chustaiméirí atá lonnaithe sa tSín, i Sainréigiún Riaracháin Hong Cong, an tSín, agus i Sainréigiún Riaracháin Macao, an tSín.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10756 – ACC / EVONIK / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË